C/2026/2940

28.5.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú
(Cás M.12418 — INFLEXION / MARIOFF)
Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/2940)

1. An 13 Bealtaine 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Inflexion Private Equity Partners LLP ('Inflexion', an Ríocht Aontaithe),

— Marioff Buyer Oy ('Marioff', an Fhionlainn), atá faoi rialú deiridh Sentinel Capital Partners, L.L.C. ('Sentinel', na Stáit Aontaithe).

Gheobhaidh Inflexion rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Marioff ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh meánmhargaidh é Inflexion atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe, a dhéanann infheistíocht i ngnólachtaí ardfháis seanbhunaithe le haghaidh bunanna mionlaigh nó tromlaigh, agus a shealbhaíonn infheistíochtaí go díreach nó go hindíreach i gcuideachtaí atá gníomhach sna hearnálacha seo a leanas: seirbhísí gnó, tomhaltóirí, seirbhísí airgeadais, cúram sláinte, tionsclaíocht agus teicneolaíocht,

— Is soláthraí domhanda córas sochta dóiteáin ceocháin uisce é Marioff a bhfuil a cheanncheathrú lonnaithe san Fhionlainn, a sholáthraíonn seirbhísí gairmiúla gaolmhara freisin ar feadh shaolré na gcóras sin.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12418 — INFLEXION / MARIOFF

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.